**Leasú 72**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh gur ann do riosca soiléir go bhfuil Poblacht na Polainne ag déanamh sárú tromchúiseach ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 24**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 24. á mheabhrú gur faoi na Ballstáit atá sé comhairle do na breithiúna a bhunú, ***ach sa chás ina mbunaítear comhairle den sórt sin, nach mór*** a neamhspleáchas a ráthú i gcomhréir leis na caighdeáin Eorpacha agus le bunreacht ***an Ballstáit***; ***á mheabhrú***, tar éis athchóiriú Chomhairle Náisiúnta na mBreithiúna, ***arb í*** an comhlacht atá freagrach as neamhspleáchas na ***gcúirteanna*** agus na mbreithiúna a choimirciú i gcomhréir le hAirteagal 186(1) de Bhunreacht na Polainne, ***trí bhíthin Ghníomh an 8 Nollaig 2017 lena leasaítear an Gníomh maidir le Comhairle Náisiúnta na mBreithiúna agus gníomhartha áirithe eile***[63], ***gur chaill*** pobal dlithiúil na Polainne ***an chumhacht*** ionadaithe a chur ar thoscaireacht chuig Comhairle Náisiúnta na mBreithiúna, ***agus a*** thionchar ***i dtaca le*** breithiúna a earcú agus ardú céime a thabhairt dóibh ***dá bhrí sin***; ***á mheabhrú gur bhreithiúna arna gceapadh ag a bpiaraí iad 15 as 25 chomhalta de Chomhairle Náisiúnta na mBreithiúna roimh an athchóiriú, agus gurb í parlaimint na Polainne a thoghann na breithiúna sin ó athchóiriú 2017 i leith; á chur in iúl gurb oth léi go mór, i gcomhar leis an bhfoirceannadh luath a rinneadh go luath in 2018 ar shainorduithe na gcomhaltaí uile a ceapadh faoi na sean-rialacha, gurbh é a*** | 24. á mheabhrú gur faoi na Ballstáit atá sé comhairle do na breithiúna a bhunú, ***agus*** go ráthaítear a neamhspleáchas ***sa Pholainn*** i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha agus le bunreacht ***an Bhallstáit***; ***ag aithint***, tar éis athchóiriú Chomhairle Náisiúnta na mBreithiúna, an comhlacht atá freagrach as neamhspleáchas na ***mbreithiúna*** a choimirciú i gcomhréir le hAirteagal 186(1) de Bhunreacht na Polainne, ***nár chaill*** pobal dlíthiúil na Polainne ***a cheart*** ionadaithe a chur ar thoscaireacht chuig Comhairle Náisiúnta na mBreithiúna ***idir 2017 agus 2018, agus, dá réir sin, gur féidir leis*** tionchar a imirt ***in*** earcaíocht agus ardú céime na mbreithiúna; |

***lean as an mbeart sin ná polaitiú forleathan ar Chomhairle Náisiúnta na mBreithiúna***[54]***;***

---

[63] Ustawa z dnia 8 grudnia 2017 r. o zmianie ustawy o Krajowej Radzie Sądownictwa oraz niektórych innych ustaw (Dz.U. 2018 poz. 3).

[64] Comhairle Chomhairleach na mBreithiúna Eorpacha, Tuairimí ón mBiúró an 7 Aibreán 2017 agus an 12 Deireadh Fómhair 2017; ESCE/ODIHR, Tuairim Dheiridh ar Dhréacht-Leasuithe ar an nGníomh maidir le Comhairle Náisiúnta na mBreithiúna, 5 Bealtaine 2017; Coimisiún na Veinéise, Tuairim an 8-9 Nollaig 2017, lgh. 5-7; GRECO, Tuarascáil ad hoc ar an bPolainn (Riail 34) an 19-23 Márta 2018 agus Aguisín an 18-22 Meitheamh 2018; Coimisiún na Veinéise agus DGI Chomhairle na hEorpa, Tuairim Chomhpháirteach Phráinneach an 16 Eanáir 2020, míreanna 42 agus 61.

Or. en

**Leasú 73**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh gur ann do riosca soiléir go bhfuil Poblacht na Polainne ag déanamh sárú tromchúiseach ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 25**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| ***25. á mheabhrú go ndearna an Chúirt Uachtarach, agus na critéir a leag an Chúirt Bhreithiúnais amach sa bhreithiúnas uaithi an 19 Samhain 2019 á gcur chun feidhme aici, a fhionnadh ina breithiúnas an 5 Nollaig 2019 agus ina cinntí an 15 Eanáir 2020[65], agus freisin sa rún uaithi an 23 Eanáir 2020, go ndéanann ról cinntitheach Chomhairle Náisiúnta nua na mBreithiúna maidir le breithiúna an tSeomra Araíonachta nuacheaptha a roghnú an bonn a bhaint ó neamhspleáchas agus ó neamhchlaontacht an tseomra sin[66]; á chur in iúl gur cúis bhuartha di stádas dlíthiúil na mbreithiúna a cheap Comhairle Náisiúnta nua na mBreithiúna nó ar thug sí ardú céime dóibh, sa chomhdhéanamh reatha atá aici, agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag a rannpháirtíocht sa bhreithniú ar bhailíocht agus dlíthiúlacht na n-imeachtaí;*** | ***scriosta*** |

______________

***[65] Cinneadh ón gCúirt Uachtarach an 15 Eanáir 2020, III PO 8/18. Cinneadh ón gCúirt Uachtarach an 15 Eanáir 2020, III PO 9/18.***

***[66] Ar an ábhar sin, féach, freisin, na cásanna seo a leanas atá ar feitheamh os comhair na Cúirte Eorpaí um Chearta an***

***Duine: Reczkowicz agus beirt Eile v. an Pholainn (iarratas Uimh. 43447/19, 49868/19 agus 57511/19), Grzęda v. an Pholainn (uimh. 43572/18), Xero Flor w Polsce sp. z o.o. V. an Pholainn (uimh. 4907/18), Broda v. an Pholainn agus Bojara v. an Pholainn (uimh. 26691/18 agus 27367/18), Żurek v. an Pholainn (uimh. 39650/18) agus Sobczyńska agus Eile v. an Pholainn (uimh. 62765/14, 62769/14, 62772/14 agus 11708/18).***

Or. en

**Leasú 74**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh gur ann do riosca soiléir go bhfuil Poblacht na Polainne ag déanamh sárú tromchúiseach ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 26**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| ***26. á mheabhrú gur chuir Gréasán Eorpach na gComhairlí um na Breithiúna Comhairle Náisiúnta nua na mBreithiúna ar fionraí an 17 Meán Fómhair 2018 ós rud é nach raibh na ceanglais maidir le bheith neamhspleách ar an bhfeidhmeannas agus ar an reachtas á gcomhlíonadh aici a thuilleadh agus gur chuir sé tús leis an bpróiseas díbeartha i mí Aibreáin 2020***[67]; | ***scriosta*** |
| ***[67] ENCJ, Litir an 21 Feabhra 2020 ó Bhord Feidhmiúcháin ENCJ. Féach freisin litir an 4 Bealtaine 2020 ó Chomhlachas Eorpach na mBreithiúna ag tacú le ENCJ.*** | |

Or. en

**Leasú 75**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh gur ann do riosca soiléir go bhfuil Poblacht na Polainne ag déanamh sárú tromchúiseach ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 27**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| ***27. á iarraidh ar an gCoimisiún imeachtaí um shárú a thionscnamh in aghaidh Ghníomh an 12 Bealtaine 2011 maidir le Comhairle Náisiúnta na mBreithiúna[68] , arna leasú an 8 Nollaig 2017, agus iarraidh ar an gCúirt Bhreithiúnais gníomhaíochtaí Chomhairle Náisiúnta nua na mBreithiúna a fhionraí trí bhíthin bearta eatramhacha;*** | ***scriosta*** |

***[68] Ustawa z dnia 12 maja 2011 r. o Krajowej Radzie Sądownictwa (Dz.U. 2011 nr 126 poz. 714).***

Or. en

**Leasú 76**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh gur ann do riosca soiléir go bhfuil Poblacht na Polainne ag déanamh sárú tromchúiseach ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 28**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| ***28. á chur in iúl gurb oth léi go bhfuair an tAire Dlí agus Cirt, arb é an tIonchúisitheoir Ginearálta freisin é i gcóras na Polainne, an chumhacht uachtaráin chúirte na gcúirteanna íochtaracha a cheapadh agus a bhriseadh as a bpost dá lánrogha féin le linn idirthréimhse 6 mhí agus, le linn thréimhse 2017-2018, go ndearna an tAire Dlí agus Cirt in 2017-2018 os cionn 150 uachtarán agus leas-uachtarán cúirte a ionadú; ag tabhairt dá haire, tar éis na tréimhse sin, gur fhan cur as oifig na n-uachtarán cúirte i lámh an Aire Dlí agus Cirt, agus gur ar éigean a bhí aon seiceálacha éifeachtacha ceangailte leis an gcumhacht sin; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go bhfuair an tAire Dlí agus Cirt cumhachtaí "araíonachta" eile i leith uachtaráin chúirte, agus uachtaráin cúirteanna níos airde, a bhfuil cumhachtaí móra riaracháin acu anois, ar a seal, i leith uachtaráin na gcúirteanna íochtaracha[69] ; á chur in iúl gurb oth léi an buille mór sin don smacht reachta agus don neamhspleáchas breithiúnach sa Pholainn[70] ;*** | ***scriosta*** |

***[69] Coimisiún na Veinéise agus DGI Chomhairle na hEorpa, Tuairim Chomhpháirteach Phráinneach an 16***

***Eanáir 2020, mír 45.***

***[70] Féach freisin Comhairle na hEorpa, Biúró Chomhairle Chomhairleacha na mBreithiúna Eorpacha (CCJE-BU), CCJE-BU(2018)6REV, 18 Meitheamh 2018.***

Or. en

**Leasú 77**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh gur ann do riosca soiléir go bhfuil Poblacht na Polainne ag déanamh sárú tromchúiseach ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 29**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 29. ***á chur in iúl gurb oth léi go ndearnadh athrú*** le Gníomh an 20 Nollaig 2019 a tháinig i bhfeidhm an 14 Feabhra 2020 ar chomhdhéanamh thionóil na mbreithiúna agus gur ***aistríodh*** leis an nGníomh sin cuid de na cumhachtaí féinrialachais bhreithiúnaigh ó na comhlachtaí sin go dtí coláistí uachtaráin na gcúirteanna arna gceapadh ag an Aire Dlí agus Cirt[71] ***;*** | 29. ***ag aithint go raibh údaráis na Polainne, trí bhíthin*** gníomh an 20 Nollaig 2019 ***lena leasaítear an gníomh maidir leis na cúirteanna coiteanna agus gníomhartha áirithe eile*** a tháinig i bhfeidhm an 14 Feabhra 2020, ***i gcomhréir le prionsabal cheannasacht na mBallstát ó thaobh na breithiúna a eagrú,*** comhdhéanamh thionóil na mbreithiúna a athrú agus cuid de na cumhachtaí feinrialachais bhreithiúnaigh ó na comhlachtaí sin a aistriú go dtí coláistí uachtaráin na gcúirteanna arna gceapadh ag an Aire Dlí agus Cirt; |

[71] Coimisiún na Veinéise agus DGI Chomhairle na hEorpa, Tuairim Chomhpháirteach Phráinneach an 16 Eanáir 2020, míreanna 46 go 50.

Or. en

**Leasú 78**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh gur ann do riosca soiléir go bhfuil Poblacht na Polainne ag déanamh sárú tromchúiseach ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 30**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| ***30. á mheabhrú gur chinn an Chúirt Bhreithiúnais, sa bhreithiúnas uaithi an 5 Samhain 2019[72] , maidir le forálacha Ghníomh an 12 Iúil 2017 lena leasaítear an Gníomh maidir le heagrú na gcúirteanna coiteanna agus gníomhartha áirithe eile[73] , lenar íslíodh aois scoir bhreithiúna na gcúirteanna coiteanna, agus ag an am céanna, lenar ceadaíodh don Aire Dlí agus Cirt cinneadh a dhéanamh maidir le fadú a seirbhís ghníomhach, agus lenar socraíodh aois scoir dhifriúil ag brath ar a n-inscne, go raibh siad contrártha le dlí an Aontais;*** | ***scriosta*** |

***[72] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 5 Samhain 2019, an Coimisiún v an Pholainn, C-192/18, ECLI:EU:C:2019:924.***

***[73] Ustawa z dnia 12 lipca 2017 r. o zmianie ustawy - Prawo o ustroju sądów powszechnych oraz niektórych innych ustaw (Dz.U. 2017 poz. 1452).***

Or. en

**Leasú 79**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh gur ann do riosca soiléir go bhfuil Poblacht na Polainne ag déanamh sárú tromchúiseach ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 31**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 31. ***ag cáineadh na bhforálacha nua lena dtugtar isteach cionta agus smachtbhannaí araíonachta breise i leith breithiúna agus uachtaráin chúirte, ar an ábhar go bhfuil riosca tromchúiseach do neamhspleáchas na mbreithiúna ag roinnt leo[74] ; ag cáineadh na bhforálacha nua*** lena gcuirtear cosc ar ***aon ghníomhaíocht*** pholaitiúil ag breithiúna, lena gcuirtear d'oibleagáid ar bhreithiúna comhaltas i gcomhlachais a nochtadh go poiblí agus lena gcuirtear srian substainteach le pléití chomhlachtaí féinrialaitheacha na mbreithiúna, ar forálacha iad ***a théann thar phrionsabail na deimhneachta dlíthiúla, an riachtanais agus na comhréireachta maidir le srian a chur le saoirse na mbreithiúna a dtuairimí a nochtadh[75] ;*** | 31. ***ag aithint ábharthacht na reachtaíochta nua*** lena gcuirtear cosc ar ***ghníomhaíocht*** pholaitiúil ***uile*** ag breithiúna, lena gcuirtear d'oibleagáid ***orthu*** comhaltas i gcomhlachais a nochtadh go poiblí agus lena gcuirtear srian substainteach le pléití chomhlachtaí féinrialaitheacha na mbreithiúna, ***chun scaradh éifeachtach na gcumhachtaí a neartú agus feidhmiú cúirteanna neamhpholaitiúla agus neamhchlaonta a áirithiú;*** |

---

[74] ESCE/ODIHR, Tuairim Eatramhach Phráinneach ar an mBille lena Leasaítear an Gníomh maidir le hEagrú na gCúirteanna Coiteanna, an Gníomh maidir leis an gCúirt Uachtarach agus Gníomhartha Áirithe Eile de chuid na Polainne (amhail ón 20 Nollaig 2019), 14 Eanáir 2020, lgh. 23-26; Coimisiún na Veinéise agus DGI Chomhairle na hEorpa, Tuairim Chomhpháirteach Phráinneach an 16 Eanáir 2020, míreanna 44-45.

[75] ESCE/ODIHR, Tuairim Eatramhach Phráinneach, 14 Eanáir 2020, lgh. 18-21; Coimisiún na Veinéise agus DGI Chomhairle na hEorpa, Tuairim Chomhpháirteach Phráinneach an 16 Eanáir 2020, míreanna 24-30;

Or. en

**Leasú 80**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh gur ann do riosca soiléir go bhfuil Poblacht na Polainne ag déanamh sárú tromchúiseach ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 32**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| ***32. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di na himeachtaí araíonachta arna dtionscnamh in aghaidh breithiúna agus ionchúisitheoirí sa Pholainn i ndáil lena gcinntí breithiúnacha lenar cuireadh dlí an Aontais i bhfeidhm, nó lena ráitis phoiblí inar chosain siad neamhspleáchas na mbreithiúna agus an smachta reachta sa Pholainn; ag cáineadh an fheachtais clúmhillte i gcoinne bhreithiúna na Polainne agus rannpháirtíocht na bhfeidhmeannach poiblí ann; á iarraidh ar údaráis na Polainne staonadh ón úsáid mhí-úsáideach d'imeachtaí araíonachta agus ó ghníomhaíochtaí eile lena mbaintear an bonn ó údarás na mbreithiúna;*** | ***scriosta*** |

Or. en

**Leasú 81**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh gur ann do riosca soiléir go bhfuil Poblacht na Polainne ag déanamh sárú tromchúiseach ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 33**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 33. ***á iarraidh ar*** údaráis na Polainne na forálacha ***nua (maidir le cionta araíonachta agus nithe eile) a bhaint***, ar forálacha iad lena gcuirtear cosc ar na cúirteanna scrúdú a dhéanamh ar shaincheisteanna maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht breithiúna eile ***ó thaobh dhlí an Aontais de agus ó thaobh an Choinbhinsiúin Eorpaigh chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint (ECHR) de, agus, sa chaoi sin, lena bhfágtar nach mbíonn breithiúna in ann a ndualgas a chomhlíonadh faoi dhlí an Aontais chun forálacha náisiúnta atá i neamhréir le dlí an Aontais a chur i leataobh***[76] ; | 33. ***ag aithint, i bhfianaise na míniúchán ar thug*** údaráis na Polainne ***arna ndíriú ar fheidhmiú córais bhreithiúnaigh a bhfuil cobhsaíocht agus sláine ina saintréithe aige, dlisteanacht*** forálacha ***a thabhairt isteach*** lena gcuirtear cosc ar na cúirteanna ceisteanna faoi neamhspleáchas agus neamhchlaontacht breithiúna eile a scrúdú; |

[76] ESCE/ODIHR, Tuairim Eatramhach Phráinneach, 14 Eanáir 2020, lgh. 13-17; Coimisiún na Veinéise agus DGI Chomhairle na hEorpa, Tuairim Chomhpháirteach Phráinneach an 16 Eanáir 2020, míreanna 31-43.

Or. en